Is í aidhm an obair bhaile ná aitreisiú a dhéanamh ar obair a rinneadh ar scoil. Tugann sé deis don pháiste a bheith freagrach leis. D'fhéadfaí an obair seo a bheith mar obair scríofa, obair meabhrach, obair ó bhéal, obair ghníomhach nó obair léitheoireachta. Ba chóir do gach tuismitheoir tacaíocht a thabhairt dá bpáiste i leith an obair bhaile a dhéanamh. Léirítear an tacaíocht seo tríd an leabhar nóta a shíniú gach oíche.

Bíonn leabhair nóta obair bhaile ag gach pháiste ó Ranganna 1-6. Ba chóir nóta míniú a scríobh ann sa chás nach bhfuil an obair bhaile déanta. Cuirtear scrudaithe gach Aoine ar ranganna 2-6 bunaithe ar litriú/táblaí na seachtaine.

Is treoracha iad thíos ar méid ama a chaithfear ar obair bhaile na ranganna éagsúla. D'fhéadfadh múinteoirí níos mó nó níos lú a thabhairt ó am go chéile agus críochnóidh gach pháiste laistigh de thréimhsí ama éagsúla ag braith ar a chumas.

**Suíomh**

Caithfear an obair bhaile a dhéanamh ag am oiriúnach agus rialta. Bíonn seomra geal le bord agus cathaoir ag teastáil. Ba chóir don fhearas ar fad don obair bhaile a bheith ar an mbord. Ní chóir do radió nó teilifís a bheith ar siúl sa seomra. Toisc go chuirfear treise ar leith le néatacht san obair bhaile, tá na coinníollacha seo riachtanach.

**Nodanna do Tuismitheoirí**

- Déan gníomh spraoi as an bhfoghlaim más féidir.
- Mol do pháiste go minic.
- Ná chaith ró fhada le ábhar amháin.
- Má bhraitheann tú mí-fhoighneas ag teacht ort- stop agus tóg sos.
- Tabhair tacaíocht, soiléirigh an obair, spreag do pháiste ach ná déan dóibh é.
- Téigh i dteangmháil leis an múinteoir i leith aon deacrachtaí rialta.

**Naíonáin**

Tá obair bhaile oscailte don mhúinteoir. Ní thosóidh an rang air go dtí go bhfuil an múinteoir réidh chuige. D'fhéadfaí gan aon obair bhaile a bheith sa rang ar chor ar bith. Sa chás go bhfuil, is 15-20 nóiméad atá i gceist.

**Rang 1-2 (20-25 nóiméad)**

Léitheoireacht gach oíche. (athbhreithniú ar an léitheoireacht déanta sa rang)
Obair Scríofa gach oíche. Mata agus Gaeilge nó Béarla.
Litriú gach oíche ag obair i dtreo scrúdú (Déanta go laethúil sa rang)
Táblaí suimiú/dealú.

**Rang 3-4 (35-45 nóiméad)**

Léitheoireacht gach oíche.
Obair Scríofa gach oíche. Mata agus Gaeilge agus Béarla.
Litriú gach oíche ag obair i dtreo scrúdú.
Táblaí méadú/roinnt.

**Rang 5-6 (45-60 nóiméad)**

Léitheoireacht Gaeilge agus Béarla gach oíche.
Obair Scríofa gach oíche. Gaeilge agus Béarla agus ábhar eile.
Mata scríofa gach oíche.
Litriú gach oíche ag obair i dtreo scrúdú.
Táblaí Dul siar gach oíche.

Beidh Pas Folláine ag gach páiste gur féidir eo úsáid uair amhain in aghaidh na Seachtaine.